ENTERPRISE IRELAND

# Ag Claochlú Tionscail in Éirinn

## Straitéis Fhiontraíocht Éireann 2008-2010

# Stiúir Nuáil Fás

Is é misean Fhiontraíocht Éireann ná dlús a chur le forbairt na gcuideachtaí Éireannacha de chaighdeán domhanda den scoth chun seasamh daingean a bhaint amach i margaí an domhain, as a dtiocfaidh méadú sa rathúnas náisiúnta agus réigiúnach.

| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 06 |
| | Ráiteas an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin | 08 |
| a haon | Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010 | 11 |
| | Ár bhfís den rathúlacht | 13 |
| | Eochair-spriocanna straitéiseacha | 15 |
| a dó | Fás agus idirnáisiúnú a stiúradh | 17 |
| a trí | Nuálaíocht na hÉireann a mhéadú | 19 |
| | Taighde & Forbairt tionscaltreoraithe | 21 |
| | Tosuithe ardchumais nuálaíocha | 25 |
| | Ceannaireacht le haghaidh nuálaíochta agus fáis | 26 |
| a ceathair | Borradh a chur faoi chuideachtaí mórscála | 29 |
| a cúig | Fás agus iomaíochas in earnálacha atá ann cheana agus in earnálacha éiritheacha | 33 |
| a sé | Fás a stiúradh i Seirbhísí | 39 |
| a seacht | Fiontraíocht agus forbairt réigiúnach | 41 |
| a hocht | An claochlú a sheachadadh | 45 |

## Réamhrá le Micheál Martin, An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tá nuálaíocht sa chiall is leithne den fhocal ríthábhachtach dár bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta leanúnach. Is léir go bhfuil leibhéal ard infheistíochta i gcúrsaí nuálaíochta riachtanach i dtaca le hiomaíochas agus fás eacnamaíochta. As sin saothraítear na nuálaíochtaí a chruthaíonn geilleagar dinimiciúil in Éirinn, atá faoi stiúir ag cúrsaí faisnéise. Tá fócas láidir ag *Straitéis an Rialtais d'Eolaíocht, do Theicneolaíocht agus do Nuálaíocht 2006-2013* ar an ról atá ag cúrsaí gnó ó thaobh aitheantas idirnáisiúnta a bhaint amach d'Éirinn as cáilíocht a cuid taighde agus forbartha agus mar sholáthróir táirgí agus seirbhísí nuálaíocha, atá á dtreorú ag an margadh.

Déanfaidh an Stát infheistíocht €8.2 billiún i gcúrsaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta thar saolré an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Leis sin beidh Éire ar aon dul leis an bhfeidhmíocht T&F i dtíortha tosaigh agus cuirfear feabhas ar fhorbairt geilleagair faisnéis-bhunaithe.

In aghaidh an chúlra seo cuirim fáilte mhór agus formhuiním an straitéis nua trí bliana atá forbartha ag Fiontraíocht Éireann.

Is iad ceannaireacht, nuálaíocht agus fás na téamaí bunúsacha atá mar bhonn taca ag an straitéis *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010*. Stiúrfaidh Fiontraíocht Éireann go díograiseach an próiseas a thosaigh le linn na tréimhse 2005-2007 sna chéad trí bliana amach romhainn agus go deimhin ina dhiaidh sin. Ní bheidh athrú incriminteach sách maith as féin chun an dul chun cinn atá déanta cheana féin a chosaint agus a fhorbairt tuilleadh.

Tá an straitéis á stiúradh ag an bprionsabal uileghabhálach go bhfuil fás i margaí domhanda trí chuideachtaí Éireannacha a idirnáisiúnú lárnach ó thaobh saibhreas agus fostaíocht a chruthú in Éirinn. Mar ghné lárnach d'fhás leanúnach san onnmhairíocht tá an nuálaíocht a mbíonn tionchar aici ar gach gné de chúrsaí gnó.

Is i gcroílár na straitéise seo a chuireann Fiontraíocht Éireann an nuálaíocht.

Tá na hinfheistíochtaí a theastaíonn á soláthar anois agus iad ag teacht leis na hiarrachtaí cultúr láidir nuálaíochta a chruthú, agus tá ról lárnach ag Fiontraíocht Éireann ag cur luas leis an mbrú i dtreo iomaíochas láidir domhanda.

Tá athrú thar cuimse tagtha ar ár ngeilleagar le déanaí anuas agus caithfimid na dúshláin a bhaineann le geilleagar forbartha, aibí atá in iomaíocht ar an scála domhanda a chur dínn anois. Tá an luas tapa ag a bhfuil iomaíochas idirnáisiúnta ag fás ag cur brú orainn éifeachtúlacht, cáilíocht agus táirgiúlacht níos mó a bhaint amach. Éilíonn an luas ag a bhfuil cúrsaí ag athrú agus éilimh ó chustaiméirí ar ár gcuideachtaí a bheith cruthaíoch, solúbtha agus inoiriúnaithe. I mbeagán focal caithfidh an nuálaíocht a bheith mar bhonn agus barr ag ár gcuid oibre.

Tabharfaidh Fiontraíocht Éireann faoi thionscnaimh a bheidh mar bhonn taca ag feidhmíocht thionscal na hÉireann amach anseo, rud atá lárnach anois do bheartas tionsclaíoch.

Tabharfaidh Fiontraíocht Éireann roinnt tionscnamh isteach thar saol na straitéise seo lena n-áirítear tairiscint T&F níos simplí do chuideachtaí, cuirfear síneadh leis an scéim Dearbháin Nuálaíochta do gach fiontar beag agus meánmhéide agus cuirfear roinnt Ionad Inniúlachta ar bun.

Tugann an cháipéis seo cuntas ar an bhfreagra a thug Fiontraíocht Éireann ar na dúshláin a bhaineann le bheith san iomaíocht i margaí domhanda. Tógann sé ar nithe a baineadh amach le trí bliana anuas agus leantar leis an athrú ollmhór sa chur chuige maidir le gnólachtaí a fhorbairt ar cuireadh tús leis i 2005. Cuideoidh an straitéis seo go mór le hidirnáisiúnú leanúnach chuideachtaí Éireannacha trí nuálaíocht.

Micheál Martin

**Micheál Martin T.D.**
An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## Ráiteas an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Tá pointe sroichte againn inár bhforbairt eacnamaíoch áit a mbeidh feidhmíocht an tionscail dhúchasaigh amach anseo an-tábhachtach d'fhás eacnamaíoch.

Ní féidir linn seasamh siar anois.

Caithfimid anois freagracht a ghlacadh as ár dtodhchaí eacnamaíochta féin.

Ciallaíonn sé sin go gcaithfimid ár bhfuinneamh agus ár gcuid acmhainní a dhíriú ar chohórt cuideachtaí Éireannacha a bhfuil an uaillmhian, an cheannaireacht agus an nuálaíocht acu atá riachtanach chun scála domhanda a bhaint amach.

Chruthaíomar thar tréimhse straitéis Fhiontraíocht Éireann *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2005 – 2007* gur féidir dul chun cinn mór a dhéanamh nuair a aithnímid agus nuair a ghlacaimid leis an bhfreagracht sin muid féin.

Leag an straitéis sin síos an bunús do chur chuige Fhiontraíocht Éireann maidir le freagairt do dhúshláin nua gnó, iad a chur in oiriúint agus a chomhlíonadh, dúshláin a thagann chun cinn i dtimpeallacht ghnó dhomhanda dhinimiciúil a éilíonn na caighdeáin is airde i gcónaí agus na réitigh is nuálaí dá bhfuil againn.

Ó 2005 i leith, d'oibrigh Fiontraíocht Éireann go dlúth le cuideachtaí ar fud na n-earnálacha go léir agus i ngach réigiún chun béim a chur ar an ngá atá le bunathrú d'fhonn fás agus rathúlacht leanúnach a chinntiú. Rinneadh dul chun cinn mór thar an tréimhse sin ó thaobh an chláir oibre athraithe a chur chun cinn agus infheistiú leis an tionscal i réimsí riachtanacha mar fhiontraíocht, scálú, oiliúint, T&F agus forbairt an mhargaidh idirnáisiúnta.

Sa chomhthéacs sin bhí tacaíocht ghníomhach na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear tacaíocht ón Oifig Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, riachtanach chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm. Glacaim an deis seo chun aitheantas a thabhairt don chúnamh a thug foireann Fiontraíocht Éireann sa bhaile agus thar lear chun an rathúlacht sin a bhaint amach.

Tá onnmhairíocht méadaithe fós mar chuspóir uileghabhálach ag gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann agus é ar an bpríomhtháscaire de rathúlacht agus d'iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann. Tá nuálaíocht ar fud gach gné de chúrsaí gnó lárnach chun an fás onnmhairíochta atá riachtanach chun borradh a chur faoin ngeilleagar a bhaint amach.

Oibríonn Straitéis Fhiontraíocht Éireann *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010* ar an dul chun cinn láidir a rinneadh le trí bliana anuas agus tugann sí aghaidh ar an luas méadaitheach ag a bhfuil domhandú agus iomaíochas idirnáisiúnta ag tarlú.

Tá sé in am anois ár dtiomantas maidir le claochlú thionscal na hÉireann a athdheimhniú, tógáil ar éachtaí atá bainte amach go dtí seo, seasaimh a bhí deacair a bhaint amach i margaí domhanda a shlánú agus a shíneadh agus díriú isteach ar na dúshláin a chaithfear a shárú sna trí bliana atá amach romhainn.

D'fhonn ár bhfís a bhaint amach stiúrfaimid agus tacóimid le bunathrú i bhfeidhmíocht thionscal na hÉireann agus tá eochair-spriocanna straitéiseacha leagtha síos agus féadfar breith a thabhairt ar an dul chun cinn in aghaidh na spriocanna sin.

I measc na dtosaíochtaí atá againn do shaolré na straitéise seo tá siad seo a leanas

- An fás atá déanta cheana féin in eochair earnálacha agus i margaí thar sáile a chomhdhlúthú
- Tairbhe a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn
- Nuálaíocht a stiúradh
- Teacht chun cinn agus forbairt chuideachtaí mórscála a spreagadh
- Fás réigiúnach inbhuanaithe agus cothrom a nochtadh

In 'Going for Growth' déanfaidh cuideachtaí Éireannacha iarracht mhór a bheith mar cheannairí ar chúrsaí nuálaíochta agus fáis amach anseo. Tá Fiontraíocht Éireann meáite dul i gcomhpháirt le fiontair eile chun an fás sin a bhaint amach thar an gcéad chéim eile de chlaochlú agus de leathnú na hÉireann.

**Frank Ryan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# a haon

# Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010

D'fhonn dul in iomaíocht agus fás a bhaint amach i ngeilleagar domhanda an lae inniu, caithfidh Tionscal na hÉireann a bheith nuálaíoch, iomaíoch agus a bheith ábalta ceannaireacht a léiriú chun scálú a fhorbairt agus seasamh ar leith a choinneáil i margaí idirnáisiúnta.

Braitheann rathúlacht eacnamaíoch na hÉireann air sin.

Tháinig athrú mór ar gheilleagar na hÉireann le deich mbliana anuas agus tá sé anois ar cheann de na geilleagair is oscailte agus is comhtháite ar domhan. Tá gnólachtaí Éireannacha ag feidhmiú i dtimpeallacht atá iomaíoch ar bhonn domhanda, agus tá athrú leanúnach tapa á fheiceáil acu.

Tá margaí idirnáisiúnta níos casta ná riamh, ag athrú níos tapúla agus faoi réir ag iomaíocht dhomhanda níos géire.

Beidh coinníollacha eacnamaíocha agus na margaí níos dúshlánaí ná mar a bhí go dtí seo. D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa chineál seo timpeallachta caithfidh Tionscal na hÉireann ceannaireacht láidir a léiriú, agus iomaíochas agus ábaltacht a fhorbairt.

**Fás onnmhairíochta a stiúradh**

Tá rathúlacht eacnamaíoch na hÉireann nasctha gan amhras ar bith leis na díolacháin atá bainte amach ag Tionscal na hÉireann i margaí idirnáisiúnta.

Is é cuspóir lárnach Fhiontraíocht Éireann fás onnmhairíochta a stiúradh chun cinn. Chun rathúnas náisiúnta agus réigiúnach níos mó a bhaint amach táimid ag leagan síos spriocanna fáis uaillmhianacha i gcomhpháirtíocht le tionscal na hÉireann.

Tá Fiontraíocht Éireann an-tiomanta maidir le gnólachtaí atá in ann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta a chruthú agus a fhorbairt agus an fhiontraíocht a éascú ar fud na tíre, agus as sin tabharfar cúnamh mór do phobail áitiúla agus do gheilleagair réigiúnacha.

Cuirfimid straitéis i bhfeidhm i 2008-2010 a bheidh mar bhonn taca agus a fhorbróidh earnáil ghnó dhúchasach den scoth a bheidh láidir agus inbhuanaithe. Tabharfaidh Fiontraíocht Éireann tacaíocht do chuideachtaí Éireannacha chun an fás atá cheana ann a chosaint, tairbhe a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn, agus bunús a thabhairt dóibh chun fás amach anseo.

## An Nuálaíocht a stiúradh

Beidh nuálaíocht ar an gcumasóir aonair is mó ó thaobh rathúlacht leanúnach thionscal na hÉireann.

Tá dlús mór faoin nuálaíocht sa gheilleagar domhanda. Tá margaí atá de shíor ag athrú agus cinn a bhfuil éagsúlacht ag baint leo faoi réir ag iomaíocht dhomhanda níos mó agus cúrsaí faisnéise agus caipitil mar bhonn taca ag an iomaíocht sin, agus an tsolúbthacht atá ag cuideachtaí iomaíochta. Leagann dul chun cinn teicneolaíochta agus na bealaí nua atá ann chun gnó a dhéanamh síos caighdeáin nua agus déantar éilimh nua ar ghnóthais dá réir.

Ní iontas ar bith mar sin go dtabharfar isteach múnlaí nua gnó agus go dtiocfaidh margaí nua ar an bhfód mar gheall ar an athrú seo go léir, cinn a bhaineann le seirbhísiú, mar shampla. Bainfidh go leor cuideachtaí Éireannacha, lena n-áirítear iad sin atá ag plé le cúrsaí déantúsaíochta, comhchuid i bhfad níos mó dá n-ioncam amach trí sheirbhísí nuálaíocha a thairiscint mar chuid dá gcuid gnó.

Ciallaíonn nuálaíocht an cumas chun freastal ar na hathruithe tobanna sin le réitigh margaidh agus réitigh atá faoi stiúir custaiméirí. Mar thoradh air sin, is straitéis í *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010* a bhfuil an nuálaíocht mar bhun agus barr aici, ag aithint go gcaithfear díriú isteach ar fhaisnéis nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus bealaí nua chun rudaí a dhéanamh.

Tá inniúlachtaí bainistíochta agus ceannaireachta thionscal na hÉireann nasctha iontu féin le fás agus le nuálaíocht. Teastaíonn cumas bainistíochta láidir in Éirinn chun cruthú agus forbairt chuideachtaí nuálaíochta a stiúradh ar féidir leo múnlaí nua gnó a ghlacadh, freagairt do na riachtanais síor-athraithe a bhíonn ag custaiméirí agus scálú a bhaint amach.

Is í an fhorbairt a dhéanfaidh tosuithe (gnólachtaí nua-thionscanta) ardchumais ar tháirgí agus ar sheirbhísí nuálaíocha, agus úsáid éifeachtach agus samhlaíoch na teicneolaíochta mar bhonn taca ag an bhforbairt sin, an chuisle a choinneoidh geilleagar na hÉireann beo bríomhar amach anseo. Is príomhchuspóir de chuid Fiontraíocht Éireann tacú leis na cuideachtaí sin.

Tabharfaidh Fiontraíocht Éireann tacaíocht do thionscal na hÉireann - trí próisis, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt go tapa agus go héifeachtach agus trí thráchtálú brabúsach a dhéanamh orthu; agus déanfar é sin trí na teicneolaíochtaí agus an fhaisnéis thacaíochta a theastaíonn a aimsiú, a fhorbairt agus a chomhtháthú; agus na scileanna ceannaireachta agus cumas lucht bainistíochta na gcuideachtaí a fhorbairt atá riachtanach chun nuálaíocht a stiúradh chun cinn.

Tá nuálaíocht níos mó ag gach leibhéal de thionscal na hÉireann ríthábhachtach, d'fhonn fás onnmhairíochta a ghríosadh agus a chinntiú go mbaineann cuideachtaí Éireannacha seasamh láidir amach i margaí idirnáisiúnta, le haghaidh rathúnas náisiúnta agus réigiúnach níos mó a bhaint amach.

# Ár bhfís den rathúlacht

Stiúrfaidh Fiontraíocht Éireann tionscal na hÉireann chuig leibhéal nua feidhmíochta agus próifíle idirnáisiúnta. Beidh siad seo a leanas bainte amach againn ag deireadh *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010* :

- Líon méadaitheach de chuideachtaí Éireannacha le seasamh comhdhlúite in eochair mhargaí tíreolaíocha atá ann cheana.
- Buíon cuideachtaí Éireannacha le seasamh tábhachtach i ngeilleagair ardfáis atá ag teacht chun cinn.
- Líon méadaithe de ghnólachtaí Éireannacha ag baint mórdhíolacháin dhomhanda amach go bliantúil laistigh d'earnálacha atá ann cheana agus d'earnalacha éiritheacha.
- Tiomantas níos láidre maidir le T&F laistigh de Thionscal na hÉireann, rud a bheidh le feiceáil le méadú leanúnach i gcaiteachas T&F na gcuideachtaí.
- Leibhéil níos airde de thráchtálú ar chaiteachas taighde in Éirinn, agus líon níos airde de cheadúnais teicneolaíochta agus breis mac léinn ag baint céimeanna amach i gcúrsaí tríú leibhéal dá réir sin.
- Láithreacht níos mó ag cuideachtaí Éireannacha in earnálacha Seirbhísí nideoige, agus seasamh á thabhairt do Sheirbhísí mar ardán ollmhór fáis i gcúrsaí onnmhairíochta.
- Líon i bhfad níos mó cuideachtaí ag cur gné seirbhíse lena múnla gnó.
- Caidre níos mó de chuideachtaí Éireannacha leis an gceannaireacht a theastaíonn chun cuideachtaí scálaithe, nuálaíocha a fhorbairt atá in ann fás idirnáisiúnta inbhuanaithe a bhaint amach.
- Geilleagar fiontraíochta láidir ar fud na hÉireann ar fad, le líon méadaithe Tosuithe Ardchumais i gceantair réigiúnacha.

# Eochair-spriocanna straitéiseacha 2008–2010

Tá eochairbhearta rathúlachta ag *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010* i bhfoirm na spriocanna straitéiseacha seo a leanas:

| | Cuspóir Straitéiseach | Sprioc 2008-2010 |
|---|---|---|
| 1 | Díolacháin onnmhairí nua | €4 bhilliún |
| 2 | Caiteachas ar T&F inchuideachta<br>• Líon na gcuideachtaí atá gníomhach le T&F bríomhar (caiteachas €100,000 go bliantúil) go dtí: | 800* |
| | • Líon na gcuideachtaí atá gníomhach le T&F bríomhar (caiteachas €2 mhilliún go bliantúil) go dtí: | 55** |
| 3 | Tosuithe ardchumais nua (le 50% i réigiúin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath) | 200 (100) |
| 4 | Borradh a chur faoi chuideachtaí mórscála<br>• Líon na gcliant a bhainfidh díolacháin dhomhanda bhliantúla de €5 mhilliún amach a mhéadú go dtí: | 635 (+15%) |
| | • Líon na gcliant a bhainfidh díolacháin dhomhanda bhliantúla de €20 milliún amach a mhéadú go dtí: | 225 (+20%) |

Le sprioc fhoriomlán de *1,050 faoi 2013, agus **100 faoi 2013.

# Stiúir • Nuáil • Fás

**Díolacháin onnmhairí nua de €4 billiún**
- Beidh díolacháin onnmhairí nua mar eochair-sprioc, uileghabhálach ag an eagraíocht do 2008-2010.

**Caiteachas T&F Inchuideachta**
- Mar atá leagtha amach i *Straitéis d'Eolaíocht, do Theicneolaíocht agus do Nuálaíocht 2006-2013* an Rialtais, leanfaimid ag méadú líon na gcuideachtaí a chaithfidh níos mó ná €100,000 agus €2 mhilliún ar T&F go bliantúil.

**Tosuithe Ardchumais**
- Leanfaimid ag stiúradh bunú na dTosuithe Ardchumais agus féachfaimid le seachadadh a dhéanamh ar 50% de thosuithe a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath.

**Cuideachtaí mórscála méadaithe**
– Tá Fiontraíocht Éireann ag tabhairt isteach spriocanna straitéiseacha nua a bheidh dírithe ar líon na gcuideachtaí a mhéadú a bhainfidh mórdhíolacháin dhomhanda bhliantúla amach, ag tairsí €5 mhilliún agus €20 milliún.

# a dó

# Fás agus idirnáisiúnú a stiúradh

Is é an cuspóir bunúsach atá againn do 2008-2010 ná an móiminteam fáis i gcúrsaí onnmhairíochta agus an t-idirnáisiúnú a stiúradh chun cinn i dtimpeallacht a bheidh i bhfad níos dúshlánaí ag ár gcliaint. Caithfidh cuideachtaí Éireannacha dul ar thóir straitéisí fáis fóbartacha agus forásacha d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i margaí idirnáisiúnta. Caithfidh táirgí oiriúnacha a bheith ag Tionscal na hÉireann, sna margaí cearta, le scileanna díolachán cuí agus struchtúir thacaíochta chun díolacháin onnmhairí nua a sheachadadh.

## Sprioc Straitéiseach

Tá díolacháin onnmhairí nua fós mar eochair-sprioc uileghabhálach ag an eagraíocht. Tabharfaidh Fiontraíocht Éireann tacaíocht do ghnóthais Éireannacha le €4 billiún a bhaint amach i ndíolacháin onnmhairí nua thar na chéad trí bliana eile.

In iarracht ár sprioc a chomhlíonadh, stiúrfaidh Aonad Díolachán agus Comhpháirtíochta Gnó Idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann an eagraíocht chun tionscal na hÉireann a fhorbairt ar an scála idirnáisiúnta. Tabharfaidh an t-aonad tacaíocht speisialaithe d'iarrachtaí chuideachtaí Éireannacha chun díolacháin onnmhairí a bhaint amach, rachaidh sé i mbun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus comhfhiontar agus beidh láithreacht inmhargaidh aige.

Tá eolas ar an margadh ceangailte anois níos mó ná riamh leis an gcumas atá ag cuideachtaí deiseanna atá ag teacht chun cinn a aithint agus leas a bhaint as athrú. Cinnteoidh ár gcuid foirne thar lear, trí líonra oibre idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann, go mbeidh na hacmhainní cearta ar fáil do chuideachtaí Éireannacha san áit a dteastóidh siad uathu agus nuair is mó a dteastóidh siad uathu. Beidh measúnacht leanúnach á déanamh ar an líonra agus déanfar coigeartú air go leanúnach chun cur ar chumas chuideachtaí Éireannacha uasthorthaí a bhaint amach, go háirithe ó gheilleagair ardfáis agus ó earnálacha éiritheacha.

Oibreoidh ár gcuid foirne freisin chun tacú leis an bpróiseas nuálaíochta. Trí rochtain ar theicneolaíochtaí nua, ar shaineolas earnála agus margaidh agus ar fhoinsí maoinithe idirnáisiúnta a éascú, beimid in ann a chinntiú go mbeidh cuideachtaí Éireannacha dírithe, ábhartha agus iomaíoch sa gheilleagar domhanda.

Agus muid ag iarraidh an cuspóir maidir le hidirnáisiúnú a shlánú, oibreoimid go dlúth le hAonad um Chur Chun Cinn na Trádála Déthaobhaí sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Tabharfaidh sí tacaíocht do chuideachtaí Éireannacha ó thaobh poist a shlánú agus a chomhdhlúthú in earnálacha agus i margaí atá ann cheana.
- Díreoidh sí ar dheiseanna i ngeilleagair ardfáis agus in earnálacha éiritheacha, go speisialta Seirbhísí
- Cuideoidh sí le tionscal na hÉireann poist scálaithe, inbhuanaithe agus láidrithe a fhorbairt in eochair mhargaí tíreolaíocha.
- Tacóidh sí le nuálaíocht agus le forbairt ceannaireachta agus bainistíochta do chúrsaí idirnáisiúnaithe.
- Stiúrfaidh sí seasamh fadtéarmach ár mbonn cliaint, ag forbairt inniúlachta chun tairbhe a bhaint as deiseanna fáis nua agus as cinn amach anseo.
- Déanfaidh sí athbhreithniú agus measúnú ar an lorg tíreolaíoch a fhágfaidh ár láithreacht idirnáisiúnta ar bhonn leanúnach agus déanfaidh sí coigeartú air sin mar is cuí.

## Líonra Oifigí Domhanda

**Críocha Mheiriceá**

Bostún
Los Angeles
Nua Eabhrac
Sao Paulo
Silicon Valley
Toronto

**Tuaisceart Na hEorpa**

Amstardam
An Bhruiséil
Glaschú
Londain
Páras
Stockholm

**Deisceart na hEorpa, An Meánoirthear agus An Afraic**

Dubai
Maidrid
Milano
Riyadh

**An Ghearmáin, Lár agus Oirthear na hEorpa, An Rúis agus CIS**

Búdaipeist
Düsseldorf
Moscó
Prág
Várs

**An Áise**

Béising
Guangzhou
Hong Cong
Kuala Lumpur
Deilí Nua
Seoul
Shanghai
Singeapór
Sydney
Tóiceo

# a trí

# Nuálaíocht na hÉireann a mhéadú

Faigheann cur chuige Fhiontraíocht Éireann maidir le nuálaíocht treoir ó *Straitéis d'Eolaíocht, do Theicneolaíocht agus do Nuálaíocht, 2006-2013* an Rialtais, faoi chomhordú na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

# Taighde & Forbairt tionscaltreoraithe

Beidh T&F agus feidhmiú faisnéise mar stiúrthóir criticiúil do rathúlacht thionscal na hÉireann amach anseo. Tá sé riachtanach mar sin go ndíreodh Éire ar chur chun cinn leibhéal, cáilíocht agus infheidhmitheacht thráchtála an T&F a dhéantar, ag cinntiú go mbíonn an tionscal chun tosaigh ó thaobh freagra a thabhairt ar athruithe tobanna a thagann ar riachtanais custaiméirí.

Is iondúil go mbíonn tiomantas láidir ag na cuideachtaí is nuálaí ar fad maidir le hinfheistíocht T&F inbhuanaithe. Faigheann siad treoir ó fhoireann bainistíochta den scoth atá ábalta réimsí deiseanna a aithint agus borradh a chur faoina gcuid cuideachtaí le bheith solúbtha agus freagarthach maidir le riachtanais an mhargaidh agus ag an am céanna an fhaisnéis agus an teicneolaíocht a theastaíonn uathu a chomhtháthú go rathúil. Déanann na cuideachtaí seo forbairt freisin agus bíonn siad rannpháirteach go gníomhach i líonraí nuálaíochta agus i ngrúpaí taighde chun rochtain a fháil ar theicneolaíocht agus ar bhealaí nua le dhul isteach ar an margadh.

Tugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht do T&F a bhíonn oiriúnach ag gach céim d'fhorbairt cuideachta, agus is féidir leis cuideachtaí a chur chun cinn ó thionscadal taighde tosaigh a chomhlíonadh go dtí nuálaíocht agus gníomhaíocht T&F ag leibhéal ard. Féachann meicníochtaí tacaíochta mar na Dearbháin Nuálaíochta chun naisc a thógáil idir sholáthróirí faisnéise poiblí na hÉireann agus gnólachtaí beaga agus athruithe cultúrtha inchuideachta a chruthú ag an am sa chur chuige maidir le nuálaíocht.

Sa tréimhse 2005–2007 rinne Fiontraíocht Éireann athshoiléiriú agus daingniú ar a ról ó thaobh T&F atá faoi stiúir an mhargaidh agus dírithe ar an margadh a chur chun cinn agus a thacú. Tairgeoimid tacaíocht T&F fhorásach agus chuimsitheach do chuideachtaí Éireannacha i 2008-2010.

**Tacaíocht T&F de réir Chineál an Chliaint**




## Sprioc straitéiseach

**Caiteachas ar T&F inchuideachta**

Leanfaimid ag stiúradh an mhéadaithe i líon na gcuideachtaí atá i mbun T&F, mar atá leagtha amach i *Straitéis d'Eolaíocht, do Theicneolaíocht agus do Nuálaíocht 2006-2013* an Rialtais.

- Líon na ngnólachtaí atá bainteach le T&F bríomhar a mhéadú go dtí 800 (€100,000+) faoi 2010*
- Líon na ngnóthas atá bainteach le T&F bríomhar a mhéadú go dtí 55 (€2 mhilliún+) faoi 2010**

Le sprioc fhoriomlán de *1,050 faoi 2013, agus **100 faoi 2013

In iarracht ár gcuid spriocanna a bhaint amach leanfaidh Fiontraíocht Éireann leis an ról lárnach atá aici ó thaobh T&F tionscaltreoraithe a stiúradh laistigh d'institiúidí tríú-leibhéal, ag tacú le cuideachtaí Éireannacha tabhairt faoi T&F agus comhoibriú idir lucht tionscail agus lucht acadúil a éascú chun infheidhmeacht tráchtála taighde na hÉireann a uasmhéadú. Chomh maith leis sin féachfaimid le feasacht a ardú faoin tábhacht atá le nuálaíocht ar fud gach gné d'fhorbairt ghnó.

Leanfaidh Fiontraíocht Éireann leis an bpríomhról atá aici ó thaobh teicneolaíocht nua a sheachadadh ar thionscal na hÉireann amach as an earnáil tríú-leibhéal trí:

- Leanúint le tacaíocht airgeadais agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair aistrithe teicneolaíochta laistigh den earnáil tríú-leibhéal atá dírithe ar sheirbhís den scoth a sheachadadh ar thaighdeoirí agus ar an tionscal. Faigheann an bonneagar sin tacaíocht ó líonra d'fhoireann tráchtálaíochta Fhiontraíocht Éireann atá meáite an cumas tráchtála atá ag taighde a fhaigheann maoiniú poiblí a uasmhéadú.
- Raon pacáistí maoinithe a sheachadadh atá deartha chun taighdeoirí in institiúidí tríú-leibhéal a spreagadh chun smaointe nuálaíocha is féidir a chur i bhfeidhm ar bhonn tráchtála a fhorbairt.
- Oibriú go daingean le comhlachtaí maoinithe eile mar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, GFT Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas, srl. lena chinntiú go mbíonn cur chuige comhtháite foriomlán ann ó thaobh uasthráchtálaíocht a bhaint amach in Éirinn.

Oibreoidh Aonad Nuálaíochta, Taighde agus Tráchtálaíochta Gnó Fhiontraíocht Éireann go dlúth leis an bpobal taighde agus leis na gníomhaireachtaí stáit agus leis na ranna cuí.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- T&F inchuideachta a stiúradh agus a thacú. Úsáidfear ár dTathantóirí T&F chun feasacht a chruthú i measc cuideachtaí agus iad a chur ag obair le T&F don chéad uair.
- Bainfidh sí úsáid as an Tionscnamh Dearbhán Nuálaíochta chun athrú cultúrtha a spreagadh i gcur chuige an phobail mhionghnó maidir le nuálaíocht, trí chuideachtaí beaga a spreagadh chun naisc a fhorbairt leis an bpobal taighde i dtaca le deis nó fadhb ghnó a iniúchadh.

- Glacfaidh sí príomhról ó thaobh tráchtálú éifeachtach an taighde in Éirinn a thiomáint, teicneolaíocht nua a sheachadadh ar an tionscal amach as an earnáil tríú-leibhéal.
- Leanfaidh sí ag tacú le seachadadh tríd an leibhéal acmhainní atá in oifigí aistrithe teicneolaíochta i gcoláistí a fheabhsú, tríd an gCiste Tráchtálaíochta a chur chun cinn agus trí chomhoibriú a spreagadh idir an tionscal agus an earnáil tríú-leibhéil.
- Stiúrfaidh sí comhoibriú go réigiúnach trí leanúint lena tacaíocht airgeadais d'Institiúidí Teicneolaíochta chun cumas taighde feidhmeach a fhorbairt i réimsí atá oiriúnach ar bhonn straitéiseach don tionscal áitiúil agus don choláiste.
- Tacóidh sí le cláir mar an Tionscnamh Ionad Inniúlachta agus na Líonraí Taighde Tionscaltreoraithe. Cuireann siad sin naisc láidre ar fáil idir an tionscal agus lucht acadúil tríd an deis a thugann siad don tionscal clár oibre taighde a leagan amach, ag cinntiú go bhfuil sé dírithe ar thionscal ar leith agus ar riachtanais an mhargaidh.
- Glacfaidh sí ról ceannaireachta láidir sa bhaint atá ag Éirinn le Seachtú Creatchlár an AE, ag cinntiú go mbeidh rannpháirtíocht i bhfad níos mó ag taighdeoirí agus ag cuideachtaí as Éirinn sa chlár.

**Seachtú Creatchlár um Thaighde agus Forbairt Teicnelaíochta an AE (FP7)**

Is eochair uirlis é an FP7 mar fhreagairt ar na riachtanais atá ag an Eoraip i dtéarmaí poist agus iomaíochais, agus chun ceannaireacht a chur chun cinn sa gheilleagar faisnéise domhanda. Cuireadh tús leis an gclár i 2007 agus mairfidh sé go dtí 2013 le buiséad iomlán de bhreis is €50 billiún.

Is é príomhchuspóir straitéiseach FP7 ná bonn eolaíochta agus teicneolaíochta an tionscail a neartú trí thacú le comhoibriú idirnáisiúnta. Tá comhoibriú ríthábhachtach do chuideachtaí sa mhéid go gcuidíonn sé leo caidrimh nua gnó a fhorbairt ar fud na hEorpa atá tógtha ar fhorbairt teicneolaíochtaí nua.

Leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag obair chun an uas-sciar de thacaíocht atá ar fáil d'Éirinn a bhaint amach agus chun an rannpháirtíocht is mó a bhaint amach do thionscal na hÉireann. Tá struchtúr tacaíochta náisiúnta feabhsaithe i bhfeidhm do FP7, ar a bhfuil Stiúrthóir Náisiúnta i gceannas agus a fhaigheann tacaíocht ó aonad lárnach agus ó fhoirne tiomnaithe atá bunaithe i bhFiontraíocht Éireann.

# Tosuithe ardchumais nuálaíocha

Tá sruth na dtosuithe a thagann isteach i ngeilleagar na hÉireann ríthábhachtach d'fhás sa todhchaí. Beidh tosuithe ardfáis atá in ann táirgí agus seirbhísí nuálaíocha a fhorbairt, agus a mbeidh úsáid shamhlaíoch na teicneolaíochta mar stiúrthóirí suntasacha i rathúlacht eacnamaíochta leanúnach na hÉireann. Is eochair thosaíocht é do Fhiontraíocht Éireann na Tosuithe Ardchumais seo faoi stiúir na nuálaíochta a spreagadh agus tacú leo agus tá siad bunúsach ó thaobh an chéad ghlúin eile de chuideachtaí Éireannacha den scoth a thógáil.

Leanfaidh ár nAonad Gnó dírithe ar Thosuithe Ardchumais ag stiúradh forbairt na gcuideachtaí nuálaíocha nua chun cinn. Is é an fócas breise a bheidh aige do 2008–2010 ná cuidiú le cuideachtaí Éireannacha scálú a bhaint amach ag an gcéim is luaithe d'fhorbairt.

## Sprioc straitéiseach

Leanfaimid ag stiúradh bunú na dTosuithe Ardchumais ar fud na hÉireann trí:

- Thacaíocht a thabhairt le 200 Tosuithe Ardchumais a chruthú i 2008–2010

  agus

- Féachaint le 100 de na tosuithe a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann a sheachadadh lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach leanfaidh an tAonad Gnó dírithe ar Thosuithe Ardchumais ag spreagadh agus ag forbairt sruth láidir de thosuithe.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Tabharfaidh sí aghaidh ar an raon iomlán de riachtanais na dtosuithe lena n-áirítear airgeadas, tacaíocht airgeadais, T&F agus forbairt an mhargaidh.
- Oibreoidh sí leis na boird fiontar contae agus cathrach, le hionaid nuálaíochta gnó, agus le hinstitiúidí tríú-leibhéal chun bunú na dTosuithe Ardchumais a chur chun cinn go gníomhach ar fud na hÉireann.
- Díreoidh sí ar fhoinsí tábhachtacha eile mar ilnáisiúnaigh, ionaid chothaithe teicneolaíochta, ionaid thaighde agus fiontraithe srathacha chun fiontraithe ionchasacha a spreagadh.
- Tacóidh sí le forbairt maoiniú caipitil síl agus fiontair in Éirinn.
- Spreagfaidh sí rannpháirtíocht chuideachtaí caipitil fiontair thar sáile ó thaobh Thosuithe Ardchumais a fhorbairt agus a idirnáisiúnú.

**Caipiteal Síl agus Fiontair**

Is réamhriachtanas é margadh caipitil dinimiciúil agus folláin ionas go mbeadh tosuithe ardchumais in ann fás agus forbairt a dhéanamh in Éirinn. Dhírigh Fiontraíocht Éireann ar chistí caipitil síl agus fiontair a spreagadh d'fhonn infhaighteacht an fhoinse thábhachtach maoinithe seo a chur chun cinn. Faoi Chlár an Chaipitil Síl agus Fiontair 2007–2012 tá Fiontraíocht Éireann ag infheistiú €175 milliún i mbabhta nua de mhaoiniú caipitil fiontair. Táthar ag súil go ndéanfaidh sé seo giaráil ar thart ar €1 billiún chun infheistíocht a dhéanamh i dtosuithe, luathchéime agus i ngnólachtaí atá sa chéim fhorbartha.

# Ceannaireacht le haghaidh nuálaíochta agus fáis

Aithníodh ceannaireacht mar cheann de na príomhchumasóirí, agus mar eochair dhifreálaithe iomaíocha a theastaíonn chun fás scálaithe idirnáisiúnta a bhaint amach.

Teastaíonn bainisteoirí, Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus stiúrthóirí ó thionscal na hÉireann atá in ann forbairt chuideachtaí nuálaíocha a stiúradh, teastaíonn ceannairí a bheidh in ann múnlaí nua gnó a ghlacadh, freagra a thabhairt ar na riachtanais athraithe atá ag custaiméirí agus a gcuid cuideachtaí a stiúradh chun scálú a bhaint amach trí fhás orgánach agus fás trí fháltas.

D'éirigh le Fiontraíocht Éireann cláir forbartha bainistíochta saincheaptha a bhí dírithe ar thorthaí a chur ar fáil thar an tréimhse 2005-2007 mar fhreagra ar riachtanas cliaint a bhí ann. I measc na héachtaí tá an clár Leadership 4 Growth, i gcomhar leis an Stanford Graduate Business School agus Cumann Bogearraí Éireann, agus an Clár Díolacháin Idirnáisiúnta, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Léirigh tabhairt isteach na gclár sin agus an tionchar a bhí acu ar uaillmhian agus ar chumas tionscal na hÉireann straitéisí ardfáis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm cé chomh tábhachtach is atá cumas bainistíochta agus ceannaireachta ó thaobh cuideachtaí a réiteach le fás sa todhchaí.

Tá ceannaireacht agus bainistíocht tábhachtach freisin ionas go nglacfar go rathúil le múnlaí, cleachtais agus próisis nuálaíocha gnó, chomh maith le táirgí agus seirbhísí nuálaíocha nua a thráchtálú. Beidh ceannaireacht maraon le nuálaíocht fiorthábhachtach ó thaobh fás na gcuideachtaí Éireannacha a stiúradh chun cinn sna blianta seo amach romhainn. Mar aitheantas air sin déanfaidh Fiontraíocht Éireann breis forbartha in 2008–2010 ar an ról atá againn ó thaobh dlús a chur faoi chumas na gcuideachtaí Éireannacha straitéisí fáis uaillmhianacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go rathúil.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Déanfaidh sí forbairt ar cheannairí a bheidh ábalta nuálaíocht a spreagadh agus tacú le fás scálaithe luathaithe.
- Leanfaidh sí ag soláthar clár forbartha bainistíochta i réimsí a aithníodh mar réimsí criticiúla i gcúrsaí fáis, mar straitéis agus ceannaireacht, díolacháin agus margaíocht, nuálaíocht agus fiontraíocht.
- Tabharfaimid soiléiriú breise ar an ról atá againn feabhas a chur ar chumas ceannaireachta agus bainistíochta thionscal na hÉireann agus déanfaimid forbairt ar shraith tacaí níos cuimsithí, agus mar ghné shuntasach de sin cuirfear cláir den chéad scoth ar fáil.
- Tacóidh sí le forbairt na nuálaíochta laistigh dá gcuideachtaí cliaint, ag aithint an chomhghaoil atá idir cumas ceannaireachta agus feidhmiúchán rathúil na straitéisí nuálaíocha.
- Cuirfidh sí chun cinn an tábhacht atá le cumas bainistíochta agus nuálaíochta leis an bpobal gnó trasteorann agus cuirfear síneadh lenár ndlúthchaidreamh oibre le FÁS agus Skillnets lena chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais thionscal na hÉireann.

# a ceathair

# Borradh a chur faoi chuideachtaí mórscála

Is é an dúshlán aonair is mó atá roimh chuideachtaí Éireannacha ná fás cuideachta scálaithe a bhaint amach agus an ceanncheathrú a choinneáil in Éirinn. Chun inbhuanaitheacht a bhaint amach i dtimpeallacht dhomhanda atá níos iomaíche ná riamh, caithfidh cuideachtaí Éireannacha scálú a dhéanamh beag beann ar a n-aois ná ar an earnáil.

Aithníodh an dúshlán sin sa straitéis *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2005–2007*. Ag tógáil ar an taithí a baineadh amach le linn na tréimhse sin, tá Fiontraíocht Éireann go hiomlán tiomanta maidir le cumas scálaithe na gcuideachtaí Éireannacha a fhorbairt agus tá sí ag obair go gníomhach leo anois chun an scála a theastaíonn chun dul in iomaíocht go fóbartach i margaí idirnáisiúnta a bhaint amach. Tá sé seo criticiúil ó thaobh fás fadtéarmach a leagan síos agus a stiúradh agus chun struchtúr thionscal na hÉireann a athrú.

Beidh sé mar lárchuspóir ag Fiontraíocht Éireann fás cuideachta scálaithe a stiúradh i 2008–2010, agus tomhaisfear rathúlacht trí spriocanna tairsigh díolachán nua a leagan síos. Beidh ár nAonad Scálaithe Gnó fós meáite ar oibriú le cuideachtaí ag léiriú an tiomantais maidir le díolacháin bhliantúla a fhorbairt go dtí tairsí suntasacha.

## Sprioc straitéiseach

D'fhonn an fócas ar fhás cuideachtaí domhanda a stiúradh táimid ag tabhairt isteach spriocanna do roinnt cuideachtaí cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann a bhaineann amach díolacháin dhomhanda shuntasacha gach bliain.

- Líon na gcliaint a bhaineann tairseach díolachán domhanda de €5 mhilliún amach sa bhliain a mhéadú go dtí 635, suas 15% faoi 2010.
- Líon na gcliaint a bhaineann tairseach díolachán domhanda de €20 milliún amach sa bhliain a mhéadú go dtí 225, suas 20% faoi 2010.

Trí thacú le líon níos mó cliaint na spriocanna díolachán domhanda a shárú beimid ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán is mó atá os comhair thionscal na hÉireann, agus ag déanamh soláthair chun struchtúr an tionscail a athrú.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Leanfaidh sí i mbun comhpháirtíochta le cuideachtaí chun straitéisí soiléire gnó a fhorbairt a mbeidh spriocanna uaillmhianacha d'fhorbairt an mhargaidh dhomhanda mar chuid díobh.
- Tabharfaidh sí aghaidh ar saincheisteanna criticiúla mar an múnla gnó cuí, forbairt ceannaireachta agus bainistíochta, fáltais agus comhpháirtíochtaí, agus an maoiniú a theastaíonn chun scálú a bhaint amach.
- Forbróimid inniúlachtaí ár gcliant maidir le príomhchumasóirí scálaithe – struchtúr eagraíochta domhanda, fáltais mórscála agus comhpháirtíochtaí domhanda.
- Díreoimid ar scála a fhorbairt ón gcéim is luaithe ar fad trí líon méadaithe na dtosuithe a bhfuil cumas scálaithe acu a aithint, agus tairgeoimid struchtúr tacaíochta teann agus saincheaptha chun é sin a bhaint amach.
- Díreoimid ar chuidiú lenár gcliaint rochtain a fháil ar an gcaipiteal fáis a theastaíonn chun scálú a stiúradh chun cinn.

# a cúig

# Fás agus iomaíochas in earnálacha atá ann cheana agus in earnálacha éiritheacha

Chuidigh feidhmíocht earnálacha mar Tháirgí Bia agus Tionsclaíocha go mór le fás onnmhairíochta láidir le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, tá rátaí ard fáis feicthe freisin ag fo-earnálacha ar leith agus ag grúpaí cuideachtaí, atá ag feidhmiú laistigh de réimsí mar Gairis Leighis, Tógáil, Teileachumarsáid agus Innealtóireacht Dhílsithe.

Má táthar chun feidhmíocht onnmhairíochta a choinneáil suas, caithfidh Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le cuideachtaí Éireannacha eile leanúint den fhás i margaí agus in earnálacha atá ann cheana agus i gcinn atá ag teacht chun cinn. I gcomhthéacs áit mhargaidh dhomhanda atá níos iomaíche ná riamh, dúshlán áirithe a bhíonn ann do gach earnáil is ea fanacht iomaíoch ar bhonn costais agus a bheith ábhartha do riachtanais custaiméirí.

D'fhonn fás in earnálacha atá cheana ann a chomhdhlúthú agus leas a bhaint as deiseanna fáis atá ag teacht chun cinn, leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag stiúradh feabhsúchán i gcúrsaí nuálaíochta, iomaíochais, táirgiúlachta agus i gcumas bainistíochta na gcuideachtaí Éireannacha. Tacóimid chomh maith le tionscadail chomhoibritheacha agus le líonraí a chuidíonn le forbairt agus le fás. Chomh maith leis na spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu cheana féin tabharfaimid isteach comharba ar an gCiste Feabhsaithe Táirgiúlachta.

## Sprioc straitéiseach

**Iomaíochas agus fás a stiúradh**

Tairgeoidh Fiontraíocht Éireann ciste tacaíochta nua ó luath na bliana 2008 a thógfaidh ar rathúlacht an Chiste Feabhsaithe Táirgiúlachta a bunaíodh i 2005. Is tosaíocht anois é tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas i bhfianaise iomaíocht dhomhanda níos mó agus tabharfaimid aghaidh ar an dúshlán seo le roinnt eochair-thionscnamh.

**Nuálaíocht agus seirbhísiú**

D'fhonn cumas fáis chuideachtaí cliaint a uasmhéadú spreagfaimid méadú san ioncam a bhaineann cuideachtaí cliaint atá ann cheana as seirbhísí tríd a gcuid tairiscintí reatha a 'sheirbhísiú'. Tá tábhacht leis sin de bhrí go mbainfidh go leor gnólachtaí Éireannacha comhchuid níos mó dá gcuid ioncaim amach sa todhchaí tríd iad seo a leanas a thairiscint:

- Táirge le gnéithe seirbhíse gaolmhara mar pacáiste
- Na seirbhísí a bhaineann le táirge a tháirgeadh
- Táirge mar sheirbhís leanúnach

Is cur chuige straitéiseach é seo atá tábhachtach do sheasamh meántéarmach-fadtéarmach na gcuideachtaí Éireannacha i margaí domhanda.

# Príomhdheiseanna earnála

## Bia

Is é an tionscal Bia an tionscal dúchasach is mó in Éirinn. Tá ról criticiúil ag an tionscal i bhfás agus i rathúlacht leanúnach an gheilleagair. Tá deiseanna suntasacha in earnáil an Bhia agus leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag obair le cuideachtaí chun feabhsúcháin i nuálaíocht agus i dtáirgiúlacht a bhrú chun cinn agus chun cumas bainistíochta a fheabhsú.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Leanfaidh sí ag comhoibriú go dlúth leis an tionscal, leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, An Bord Bia agus Bord Iascaigh Mhara chun an earnáil Bia a fhorbairt.
- Tabharfaidh sí faoi athbhreithniú straitéiseach ar an earnáil Déiríochta chun na deiseanna luacha is airde a aithint i gcás na hÉireann.
- Tacóidh sí le cláir infheistíochta caipitil a chur i bhfeidhm sna hearnálacha Déiríochta agus Mairteola chun éifeachtacht agus scála a stiúradh chun cinn.
- Tacóidh sí go réamhghníomhach le hinfheistíocht i T&F a bhaineann le bia.
- Spreagfaidh sí cuideachtaí cliaint chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh don earnáil Seirbhísí Bia atá ag fás.
- Tacóidh sí le hIonad Bia Feidhmiúil atá faoi stiúir an tionscail a bhunú agus a fhorbairt. Déanfaidh an t-ionad forbairt ar chláir taighde atá leagtha amach agus á gcur i bhfeidhm le chéile ag comhpháirtithe tionsclaíocha agus acadúla.

# An Comhshaol, Margaí Tionsclaíocha agus Eolaíochtaí Beatha

Beidh fás onnmhairíochta san earnáil Margaí Tionsclaíocha amach anseo faoi stiúir chuideachtaí faisnéis-bhunaithe níos mó ná riamh. Ina theannta sin, caithfidh cuideachtaí déantúsaíochta gné seirbhísí a thabhairt isteach maidir lena múnla gnó chun tairbhe a bhaint as a gcuid príomhinniúlachtaí agus chun foinsí ioncaim a mhéadú.

Tá Éire mar phríomhionad domhanda ag an earnáil Eolaíochtaí Beatha agus leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag díriú a cuid airde ar an earnáil thábhachtach seo a fhorbairt. Lena chois sin, gheobhaidh cuideachtaí Éireannacha a bhfuil baint acu le táirgí agus seirbhísí a sholáthar tacaíocht láidir chun tairbhe a bhaint as deis margaidh atá ag dul i méid.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Díreoidh sí ar thacuithe a chuirfidh ar chumas cuideachtaí Éireannacha bogadh ar aghaidh i dtreo táirgí agus seirbhísí a bhfuil luach níos airde acu a sholáthar.
- Forbróidh sí idirghabhálacha chun cuidiú le cuideachtaí Éireannacha atá dírithe ar tháirgí féachaint le deiseanna nua fáis a bhaint amach ón ngné seirbhíse mhéadaithe dá gcuid gnó.
- Cuirfidh sí chun cinn agus tacóidh sí go gníomhach le cuideachtaí Éireannacha tairbhe a bhaint as na deiseanna eacnamaíochta atá ag teacht chun cinn san earnáil Táirgí agus Seirbhísí Comhshaoil.
- Cuirfidh sí chun cinn agus tacóidh sí le clár forbartha onnmhairíochta chun idirnáisiúnú a dhéanamh ar rathúlacht earnáil Cumarsáide na hÉireann.
- Leanfaidh sí ag stiúradh forbairt na hearnála Eolaíochtaí Beatha, ag obair ar an ardán fáis láidir atá curtha ar fáil ag an mbonn ilnáisiúnta in Éirinn.

## Margaí Bogearraí agus Tomhaltóirí Miondíola

Tá rátaí fáis sách láidir le feiceáil fós san earnáil bogearraí. Is í an fhís atá againn don earnáil seo ná ardán a thabhairt d'Éirinn mar ionad aitheanta don nuálaíocht agus don fhorbairt. Mar sin féin, tá go leor ilimreoirí beaga sa réimse seo nach bhfuil acu ach seasamh beag i margaí domhanda. Cuirfidh Fiontraíocht Éireann an earnáil seo chun cinn go gníomhach féachaint le cuideachtaí scálaithe an-rathúla a fhorbairt.

I measc na hearnála Margaí Miondíola Tomhaltóirí tá Faisean, Bronntanais agus Troscán. Beidh straitéisí nuálaíocha laistigh de na hearnálacha seo, a bheidh tógtha ar thiomantas i ndáil le dearadh, éileamh custaiméirí agus forbairt bainistíochta, agus beidh sé mar chnámh droma ag fás onnmhairíochta sa todhchaí.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Cuirfidh sí síneadh leis an bhfáil a bheidh ar rannpháirtíocht chuideachtaí na hÉireann i gcláir fhorbartha agus méadóidh sí é.
- Cinnteoidh sí go mbeidh fócas leanúnach ar T&F agus ar fheabhsúcháin táirgiúlachta mar phríomhfhoinsí buntáistí iomaíochta.
- Díreoidh sí ar mhargaí tíreolaíocha a bhfuil tosaíocht acu chun an aschur ar infheistíocht a uasmhéadú agus chun staideanna níos suntasaí agus níos inchosanta a bhaint amach i rogha margaí nideoige.
- Cruthóidh sí feasacht maidir le múnlaí nua gnó agus tacóidh sí go háirithe le cuideachtaí chun an ghné seirbhíse dá gcuid gnó a mhéadú.
- Oibreoidh sí le hinfheisteoirí (institiúidí airgeadais, infheisteoirí príobháideacha, caipitlithe fiontair intíre agus idirnáisiúnta) chun airgead fadtéarmach a shlánú d'fhonn tacú le scálú na gcuideachtaí bogearraí.

# Deiseanna éiritheacha earnála

## Táirgí agus Seirbhísí Comhshaoil

Tá cumas suntasach ann forbairt a dhéanamh ar Tháirgí agus ar Sheirbhísí Comhshaoil a bhaineann leis an imní dhomhanda atá ann maidir le hathrú aeráide, ídiú ar acmhainní traidisiúnta fuinnimh agus giniúint dramhaíola. Tá Éire cheana ina hionad lárnach chun na táirgí agus na seirbhísí sin a fhoinsiú.

Seo ceann de na réimsí ina bhféacfaidh Fiontraíocht Éireann a bheith mar chatalaíoch chun rathúlacht na gcuideachtaí Éireannacha a stiúradh chun cinn. Díreoidh ár nAonad Comhshaoil Gnó, a bheidh ag obair lenár líonra oifigí thar lear, le cumainn thionsclaíocha ábhartha agus le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ar chúrsaí fáis do chliaint nua agus do chliaint atá ann cheana.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Féachfaidh sí le líon na dTosuithe Ardchumais atá ar díriú ar fhorbairt táirgí agus seirbhísí don mhargadh seo a mhéadú.
- Cuirfidh sí foirne domhanda ar bun go foirmiúil ar fud Fiontraíocht Éireann leis na hacmhainní chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna margaidh sa réimse seo.

## Táirgí agus Seirbhísí Tógála

Tháinig fás thar cuimse ar earnáil tógála na hÉireann le roinnt blianta anuas. Mar thoradh air sin, tá grúpa cuideachtaí intíre againn anois a bhfuil saineolas láidir acu maidir leis an earnáil. Oibreoimid i 2008-2010 leis an earnáil seo chun leas a bhaint as an gcumas fáis atá aici.

Cuirfidh Fiontraíocht Éireann clár forbartha onnmhairíochta chun cinn agus tacóidh sí leis chun an earnáil seo a idirnáisiúnú, agus cuirfidh sí foireann reatha ar bun ar bhonn foirmiúil chun cuidiú le cuideachtaí gnó shuntasach a bhaint amach a bhaineann le Cluichí Oilimpeacha Londain.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Déanfaidh sí forbairt ar chlár forbartha bainistíochta den chéad scoth don earnáil Tógála.
- Oibreoidh sí le cuideachtaí seirbhísí Tógála láidre chun margaí nua tíreolaíocha a chur in aithne dóibh.
- Féachfaidh sí le táirgí agus seirbhísí breisluacha a chur ar fáil a sholáthraíonn tacaíocht T&F mar is cuí.

# a sé

# Fás a stiúradh i Seirbhísí

Beidh forbairt agus fás Seirbhísí riachtanach don chéad chéim eile d'fheidhmíocht eacnamaíochta na hÉireann. Leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag athrú na dtacaí atá riachtanach lena chinntiú go mbaineann tionscal na hÉireann leas as an deis seo.

De réir mar a dhéanann geilleagair níos mó forbartha agus de réir mar a bhíonn siad níos comhtháite ar bhonn domhanda, bíonn tábhacht níos mó leis an earnáil Seirbhísí i dtrádáil idirnáisiúnta. Príomhchuspóir a bheidh ag Fiontraíocht Éireann sa tréimhse 2008-2010 ná fás seirbhísí intrádála go hidirnáisiúnta a stiúradh agus tacú leo, in earnálacha éiritheacha agus i gcinn atá ann cheana agus tríd idirnáisiúnú a dhéanamh ar sheirbhísí intrádála go háitiúil.

Leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag obair ar thairiscint chuimsitheach, d'fhonn a chinntiú go nochtaíonn agus go bhforbraíonn cuideachtaí Seirbhísí an cumas díolachán idirnáisiúnta atá acu.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Díreoidh sí ar an deis Seirbhísí a fhorbairt agus a shaothrú d'Éirinn, tríd Aonad Gnó Seirbhísí Intrádála go hIdirnáisiúnta.
- Leanfaidh sí ag obair le cuideachtaí Seirbhísí atá ann cheana, go haonair agus de réir earnála, chun a gcumas fáis a uasmhéadú.
- Bainfidh sí tairbhe as deiseanna fáis san earnáil Seirbhísí atá ag teacht chun cinn.
- Tacóidh sí le seirbhísí intrádála go háitiúil chun a gcumas maidir le rochtain a fháil ar mhargaí thar lear a nochtadh agus díolacháin idirnáisiúnta a bhaint amach.
- Forbróidh sí punann deiseanna Seirbhísí a dhéanfaidh seachadadh ar bhuntáistí go luath agus go fadtéarmach, leis an bhfócas i dtús báire ar réimsí deiseanna mar earnálacha Seirbhísí Airgeadais; Seirbhísí Comhshaoil; Gnó chuig Gnó (B2B) agus Gnó chuig Tomhaltóirí (B2C).
- Bainfidh sí úsáid as próiseas fadbhreathnaitheachta chun na deiseanna nua a chruthaíonn treochtaí Seirbhísí is féidir a mheaitseáil le príomhinniúlachtaí Éireannacha a aithint.

# a seacht

# Fiontraíocht agus forbairt réigiúnach

Tá cur chun cinn na fiontraíochta agus éascú a dhéanamh ar eochair riachtanais bonneagair atá ag fiontar na hÉireann riachtanach ar fud gach réigiúin lena chinntiú go bhfuil líne bhríomhar de cheannairí nua gnó ann, smaointe nua gnó agus táirgí agus seirbhísí nuálaíocha. Tá Fiontraíocht Éireann dírithe go láidir ar fhiontraíocht a éascú agus an timpeallacht fiontair i bpobail áitiúla agus tuaithe, ar chruthú thosuithe bunaithe ar an nuálaíocht a stiúradh agus cuideachtaí a fhorbairt go réamhghníomhach i ngach réigiún.

Leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara eile sa tréimhse 2008-2010 chun cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le cur chun cinn na fiontraíochta agus tacú le gníomhaíocht nua-thionscanta ar fud na hÉireann.

### Fiontair áitiúla agus tuaithe a éascú

Leanfaidh Fiontraíocht Éireann leis an ról tábhachtach atá aici ó thaobh forbairt na timpeallachta fiontair a fhorbairt i bpobail áitiúla agus tuaithe. Leanfaimid ag tacú le forbairt ionad fiontair faoi stiúir an phobail, ar cumasóir tábhachtach iad d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí i gceantair áitiúla agus tuaithe. D'fhonn forbairt fiontair a stiúradh beidh ról comhpháirtíochta tábhachtach againn freisin leis na comhlachtaí forbartha áitiúla agus réigiúnacha ar fud na hÉireann.

### Cruthú thosuithe bunaithe ar an nuálaíocht a stiúradh

Tabharfaidh bonneagar fiontair deafhorbartha deis níos fearr do ghnólachtaí bunaithe ar an nuálaíocht forbairt a dhéanamh agus teacht ar an bhfód. Stiúrfaimid an fás ó thaobh na dtosuithe bunaithe ar nuálaíocht a chruthú d'fhonn teacht chun cinn chuideachtaí ardchumais fáis a spreagadh ag an leibhéal áitiúil, trí raon tacaí cuimsitheacha a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanais forbartha. Oibreoimid go dlúth le hollscoileanna agus le hInstitiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, dream a bhfuil ról tábhachtach acu ó thaobh na gcineálacha seo cuideachtaí a fhorbairt agus a chothú.

### Cuideachtaí a fhorbairt go réamhghníomhach i ngach láthair

D'fhonn rathúnas níos mó a bhaint amach sna réigiúin agus ag an leibhéal náisiúnta féachann Fiontraíocht Éireann le gnóthachain onnmhairíochta a stiúradh i measc cuideachtaí cliaint i ngach láthair. Bainfimid úsáid as ár n-oifigí réigiúnacha chun forbairt réamhghníomhach a dhéanamh ar chuideachtaí cliant atá ann cheana ag an leibhéal áitiúil, agus díreoimid ar rannpháirtíocht níos mó i ngníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann. Áireofar leis seo, mar is cuí, obair le cuideachtaí bunaithe nach bhfuil mar chliaint ag Fiontraíocht Éireann i láthair na huaire. Stiúrfaimid comhoibriú chun cinn i measc comhlachtaí príobháideacha agus comhlachtaí stáit maidir le timpeallacht den chéad scoth a fhorbairt ina bhfuil sé níos indéanta borradh a chur faoi ghnó.

### Ag obair le boird fiontar agus le hionaid nuálaíocha gnó

Tá straitéis Fhiontraíocht Éireann deartha lena chinntiú go ndéantar uasmhéadú ar dheiseanna d'fhiontair agus d'fhiontraithe Éireannacha ar fud na réigiún go léir agus go soláthraítear an tacaíocht chuí chun freastal ar na dúshláin mhéadaithe in áit an mhargaidh dhomhanda. Tá Fiontraíocht Éireann dírithe ar oibriú leis na boird fiontar cathrach agus contae agus leis na hionaid nuálaíocha gnó chun leantúnas tacaíochta gan uaim a chur ar fáil do ghnóthaí Éireannacha, a gcuid riachtanais a mheaitseáil leis na hacmhainní is fearr atá ar fáil. I gcleachtas, tabharfaidh sé seo nascacht agus solúbthacht níos mó isteach sa chóras tacaíochta fiontair.

- Cuirfidh Fiontraíocht Éireann feabhas ar na deachaidrimh oibre atá aici leis na boird fiontar contae agus cathrach agus leis na hionaid nuálaíochta gnó lena chinntiú go mbeidh rochtain ag fiontraithe agus ag cuideachtaí ar thacuithe cuí a theastaíonn ag céimeanna difriúla dá gcuid forbartha.
- Oibreoimid le boird fiontar ag comh-fhóraim réigiúnacha dírithe chun forbairt an bhonneagair agus na tacaíochta atá ar fáil d'fhiontraithe a chur chun cinn.

### Ag tacú leis an mbonneagar réigiúnach

Leanann Fiontraíocht Éireann, i gcomhar le Forfás agus roinnt comhpháirtithe eile, ag tacú le soláthar an bhonneagair atá riachtanach do ghnólachtaí i ngach réigiún. Tá tábhacht ar leith leis seo, mar leis an timpeallacht cheart is féidir fiontraíocht a chur chun cinn agus leas iomlán a bhaint as. Oibreoimid ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh i 2005–2007 thar tréimhse *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008–2010.*

### Geilleagar uile-oileáin a fhorbairt

Tá tábhacht straitéiseach ollmhór le forbairt geilleagair uile-oileáin. Bíonn na bacainní céanna forbartha ar gach cuideachta i ngach cuid d'oileán na hÉireann. Agus muid ag cur torthaí níos fearr ar fáil do chách, daingneoimid ár gcaidreamh le Invest Northern Ireland agus le InterTradeIreland, agus é mar chuspóir an cleachtas is fearr a roinnt, comhlántacht ár seirbhísí faoi seach a mhéadú agus deiseanna a iniúchadh chun sineirge níos mó agus níos buntáistí a bhaint amach.

Beimid rannpháirteach i dtionscnaimh chomhoibritheacha a chuireann luach ar na seirbhísí agus na tacaí a cuireadh ar fáil cheana agus a thugann freagra ar riachtanas inléirithe i measc chuideachtaí cliaint.

**Déanfaidh Fiontraíocht Éireann iad seo a leanas:**

- Comhoibreoidh sí go forghníomhach le Invest Northern Ireland agus le InterTradeIreland maidir le tionscnaimh roghnaithe a bhfuil comhleas iontu.
- Oibreoidh sí ar thionscnaimh chomhoibritheacha lena n-áirítear comhoibriú T&F trasteorann agus rannpháirtíocht i gcuibhreannais ag leibhéal na hEorpa, leis an bhfócas tosaigh ar Seachtú Creatchlár an AE.
- Leanfaidh sí ag comhoibriú thar lear le cuideachtaí ón oileán ar fad a bheidh rannpháirteach ar mhisin thrádála roghnaithe a eagróidh na gníomhaireachtaí go léir agus ag baint leasa as na hoifigí atá ag an dá ghníomhaireacht thar lear.

**Ionaid Fiontraíochta Pobail**

Sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Scéim Ionaid Fiontraíochta Pobail is déanaí de chuid Fhiontraíocht Éireann i 2007. Rollófar amach an ciste seo, ina bhfuil €21 milliún ar an iomlán thar trí ghlao ar iarratais ó phobail le linn na straitéise seo.

Is ceanglas bunúsach bonneagair é fáil a bheith ar spás gnó d'fhiontair in aon áit chun cuideachtaí nua a bhunú agus cinn atá ann a fhás. Soláthraíonn ionaid fiontraíochta pobail an spás agus an timpeallacht thacúil d'fhiontraithe atá ag tosú amach agus cuidíonn siad chun fiontraíocht a fhorbairt go háitiúil i gceantair uirbeacha agus tuaithe. Tugann na hionaid fiontraíochta pobail cúnamh inláimhsithe agus sofheicthe d'fhorbairt réigiúnach.

Soláthraíonn an scéim um ionaid fiontraíochta pobail a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann saoráidí bonneagair i gceantair nach raibh aon ionadaíocht acu roimhe sin i ngníomhaíocht tosaithe amach. Seo tionscnamh pobalthreoraithe idir pobail áitiúla agus an Stát, agus an cuspóir atá leis ná feabhas a chur ar an timpeallacht fiontraíochta.

Mar fhreagra ar an ngá atá le spás fiontair ag an leibhéal áitiúil, leanfaimid ag cur maoiniú agus tacaíocht i bhfeidhm do na hIonaid chun cuidiú le pobail áitiúla gnólachtaí inbhuanaithe a chur ar bun.

# a hocht

# An claochlú a sheachadadh

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta dul i gcomhpháirtíocht le tionscal na hÉireann chun fás láidir a bhaint amach thar an gcéad chéim eile de chlaochlú eacnamaíochta na hÉireann. Chun *Ag Claochlú Tionscail in Éirinn 2008-2010* a chur i bhfeidhm go rathúil caithfidh Fiontraíocht Éireann athrú agus seasamh nua a ghlacadh chun freastal go héifeachtach ar na riachtanais athraithe atá ag cuideachtaí Éireannacha. Tá sé sin ar aon dul leis na hathruithe a chaithfidh ár gcliaint a dhéanamh chun feidhmiú i margadh domhanda atá níos iomaíche ná riamh.

Beidh cúnamh agus comhoibriú fós i gcroílár straitéis Fhiontraíocht Éireann. Leanfaimid ag obair go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le ranna rialtais eile, le gníomhaireachtaí forbartha gaolmhara, le hinstitiúidí tríú-leibhéal agus le cumainn ionadaíochta. Oibreoidh Fiontraíocht Éireann go háirithe le GFT Éireann chun cuideachtaí nuálaíocha Éireannacha a nascadh le ilnáisiúnaigh thar lear chun onnmhairíocht níos mó a sheachadadh agus chun iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhpháirtíochta lena n-áirítear teicneolaíocht a aistriú chuig cuideachtaí Éireannacha.

Le roinnt blianta anuas chuir Fiontraíocht Éireann feabhas mór ar an gcumas atá aici dlús a chur faoi fhás agus fhorbairt chuideachtaí cliaint. Ag teacht le riachtanais athraithe thionscal na hÉireann, leanfaimid ag forbairt scileanna agus cumas na foirne ar fud na heagraíochta. Beidh fócas ar leith ar chumas bainistíochta a fheabhsú féachaint le ceannaireacht ardfheidhmíochta a fhorbairt a stiúrann agus a thacaíonn le forfheidhmiúchán straitéise.

Is é an dúshlán seachadta ollmhór a bheidh ag an eagraíocht ná a chinntiú go bhfuil freagra soiléir agus comhtháite ann a thugann tacaíocht shaincheaptha do chuideachtaí le riachtanais difriúla. Chuir an struchtúr a cuireadh i bhfeidhm mar thacaíocht do Straitéis 2005-07, cliaint i gcnuasaigh bunaithe ar an margadh ar a fhreastal siad. Déantar ailíniú ar an bhfoireann a bhíonn ag déileáil le cliaint leis na cnuasaigh seo chun deis a thabhairt freagra comhoibritheach, domhanda a thabhairt ar riachtanais cliaint. Cuimsíonn na foirne sin Comhairleoirí Forbartha, Comhairleoirí Margaíochta, Teicneolaithe agus speisialtóirí Acmhainní Daonna.

Beidh sé mar eochair-sprioc do 2008-2010 an modh seachadta sin a leabú agus a athshoiléiriú. Tá Fiontraíocht Éireann, mar chuid de Chairt na gCliant, tiomanta seirbhís den chéad scoth a sheachadadh go leanúnach ar chliaint, seirbhís atá dírithe, réamhghníomhach agus éifeachtach.

Agus freagra á thabhairt ar an raon iomlán de riachtanais cliaint, gheobhaidh straitéis Fhiontraíocht Éireann tacaíocht ó thairiscint airgeadais a dhíríonn ar cheithre réimse infheistíochta cliant.

- Ag tacú le tosuithe a bhfuil ardchumais fáis acu
- Maoiniú cuimsitheach do T&F
- Cumais fáis agus nuálaíochta a stiúradh
- Ag tacú le mórthionscadail um fhorbairt mórscála.

## LÍONRA OIFIGÍ FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

**Baile Átha Cliath**
Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9
Teil. +(353 1) 808 2000, Facs +(353 1) 808 2020

Halla Mhuirfean, Bóthar na Trá, Dumhach Thrá, Baile Átha Cliath 4
Teil. +(353 1) 206 6000, Facs +(353 1) 206 6400

Teagmháil ríomhphoist d'fhoireann Fiontraíocht Éireann ar fud an domhain
firstname.surname@enterprise-ireland.com

## LÍONRA RÉIGIÚNACH

| Oifig | Teileafón | Facs | Seoladh |
|---|---|---|---|
| **An Ceanncheathrú Réigiúnach Náisiúnta**<br>An tSionainn | (061) 429 900 | (061) 429 901 | 4500 Atlantic Avenue,<br>An tSionainn, Co. an Chláir |
| **Baile Átha Cliath/An tOirthear Láir**<br>Baile Átha Cliath | (01) 609 2150 | (01) 609 2111 | 39 Bóthar Shíol mBroin,<br>Baile Átha Cliath 4 |
| **Lár Tíre**<br>Baile Átha Luain | (090) 648 7100 | (090) 648 7101 | Auburn, Bóthar Bhaile Átha Cliath,<br>Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí |
| **An tOirthuaisceart**<br>Dún Dealgan | (042) 935 4400 | (042) 935 4401 | Páirc Thionsclaíoch Finnabair,<br>Dún Dealgan, Co. Lú |
| **An tIarthuaisceart**<br>Sligeach | (071) 915 9700 | (071) 915 9701 | Páirc Ghnó & Teicneolaíochta<br>Finisklin, Sligeach |
| Leitir Ceanainn | (074) 916 9800 | (074) 916 9801 | Teach Portland, Bóthar an Phoirt,<br>Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall |
| **An Meán Iarthar**<br>An tSionainn | (061) 429 900 | (061) 429 901 | 500 Atlantic Avenue,<br>An tSionainn, Co. an Chláir |
| **An tOirdheisceart**<br>Port Láirge | (051) 333 500 | (051) 333 501 | Páirc Thionsclaíoch Phort Láirge,<br>Bóthar Chorcaí, Port Láirge |
| **An tIardheisceart**<br>Corcaigh | (021) 480 0200 | (021) 480 0271 | Teach Tionscail, Ascaill Rossa,<br>Baile an Easpaig, Corcaigh |
| Cill Airne | (064) 71600 | (064) 71601 | 57 An Phríomhshráid, Cill Airne,<br>Co. Chiarraí |
| **An tIarthar**<br>Gaillimh | (091) 735 900 | (091) 735 902 | Páirc Ghnó an Bhaile Bháin, Gaillimh |

# Stiúir Nuáil Fás

Boinn Fiontraíocht Eireann á mhoiniú ag rialtas na hEireann agus go pairt-mhaoiniú ag an tAontas Eorpach faoi an Plean Forbairt Náisiúnta 2007-2013.

© Fiontraíocht Eireann Deireadh Fómhair 07 – (108)